

1. Ainm: \_\_\_\_\_

2. Seoldh \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

3. Fón : \_\_\_\_\_ Fón póca: \_\_\_\_\_

Esheoladh: \_\_\_\_\_

4. Dáta Breithe : \_\_\_\_\_

5. Coláiste \_\_\_\_\_

6. Cúrsa atá ar siúl agat: a) B.Oid. (Tréimhse 1) \_\_\_\_\_

b) B.Oid. (Tréimhse 2 ) \_\_\_\_\_ c) Iarchéim: \_\_\_\_\_

d) Eile : \_\_\_\_\_

7. Caighdeán Gaeilge : Ard :Meán : Bun: \_\_\_\_\_

8. Eolas maidir le cáirde, lóistín, tinneas agus r.l.: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

9. Dátaí an chúrsa : A: 24/3/2018 - 7/4/2018. \_\_\_\_\_ Táille : 750 euro.

Síniú an Scoláire : \_\_\_\_\_

Glacaim le rialacha an Choláiste: \_\_\_\_\_

Seol an fhoirm seo chuig an gColáiste agus 100 éarlais (deposit) chun clárú:

An Rúnaí. Coláiste Ó Direáin, Fearann an Choirce, Cill Rónáin,

Oileáin Árann, Co na Gaillimhe.

Fón : Pádraig 085 7834466 - Ephost : eolas@odireain.com

Taisteal - ar an mbád 'Draíocht na Farraige' ó Ros a'Mhíl ar an Satharn ar 6.30

[www.aranislandferries.com](http://www.aranislandferries.com)

*Is féidir éarlais 100 euro a íoc tríd an mbainc  
nó tríd an bpost le seic nó ordú poist.*

*Is gá an táille a bheith íoctha roimh 1/2/2018.*

Coláiste  
**Ó Direáin**  
INIS MÓR

[www.odireain.com](http://www.odireain.com) - [eolas@odireain.com](mailto:eolas@odireain.com)

*\*Is féidir clárú ach elitir a chur chuig [eolas@odireain.com](mailto:eolas@odireain.com)*



# Coláiste Ó Direáin INIS MÓR



## Cúrsaí Gaeilge d'Ábhair Oidí




# 2018

[www.odireain.com](http://www.odireain.com)



Tá Coláiste Ó Direáin ag cur cúrsaí ar fáil faoi Cháisc d'ábhar Oidí ar Inis Mór, Árainn Co na Gaillimhe.

Beidh an cúrsa i gColáiste Ó Direáin dírithe ar fhorbairt scileanna teanga na mac léinn agus ar úsáid agus ar chruthú áiseanna foghlama agus teagaisc. Beidh deis ag na scoláirí an Ghaeilge atá acu a chleachtadh in atmaisféar folláin, taitneamhach agus cairdiúil. Cuirfear béim i ranganna na maidine ar chruinneas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Déanfar díriú ar théamaí an churaclam, ar chúrsaí gramadaí, ar an bhfillteán foghlama agus ar ullmhúchán don bhéaltriail, i seisiúin na maidine.



# Coláiste Ó Direáin

## Ionad an Choláiste

Tá an Choláiste suite ar Inis Mór, Árainn. Is áit é seo a bhfuil saibheas mór ann ó thaobh na staire, na seandálaíochta, na tíreolaíochta, na litríochta agus an chultúir de. Tá áiseanna nua-aimseartha againn- córas fuaime agus físe agus saor-rochtain ar Wi-Fi san áireamh. Bainfear úsáid as na hilmheáin agus tabharfar eolas do na micléinn ina dtaobh.

## Siollabas an chúrsa

Leanfar an Siollabas Teagaisc atá leaghta síos ag na Coláistí Oiliúna. Déanfar soiléiriú ar na scileanna foghlama agus ar mhodhanna a úsáidtear chun teanga a mhúineadh. Déanfar forbairt ar acmhainní do mhúineadh na Gaeilge sa bhunscoil, ar an bhfillteán foghlama agus ar théamaí Churaclam na Bunscoile.

## Imeachtaí Trathnóna agus Oíche

Eagrófar imeachtaí iarnóine agus oíche a rachaidh chun tairbhe do na scoláirí. Tá áiseanna againn don pheil, don Chispheil, Eitpheil, Uni-hoc, Leadóg, Leadóg Boird, Rothaíocht, Curachóireacht, Snámh agus rí. agus eagrófar iad de réir mar a oireann. Beidh siúlóidí dúla, turais oidhreacht, ceardlann drámaíochta, ealaíne agus ceardaíochta, agus iascaireacht, ar siúl sa trathnóna. San Oíche beidh seisiúin ceoil, amhránaíochta, damhsa agus rí ar siúl.

## Lóistín

Cuirfear lóistín ar fáil i dtithe gurbh í an Ghaeilge gnáth theanga mhuintir an tí. Tá na tithe seo ar ardchaighdeán agus iad cláraithe leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

## Foireann

Beidh foireann teagaisc ar ard-chumas fostaithe.

